Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13867/23**

**ENER 531**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 572 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA lena n-athbhreithnítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/1938 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 572 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 572 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.10.2023
COM(2023) 572 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**lena n-athbhreithnítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/1938**

{SWD(2023) 323 final}

GA GA

# Tuarascáil ar an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis (AE) 2017/1938

## 1. Réamhrá

Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2017/1938 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a chosaint (‘**an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis**’) aon suaitheadh a d’fhéadfadh a bheith ann sa soláthar gáis a chosc agus gníomhú ina leith. Leagtar síos leis an creat maidir le hullmhacht éigeandála agus athléimneacht an Aontais i leith suaitheadh gáis.

Le**hAirteagal 17** den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún, ar bhonn na measúnuithe ar phleananna um ghníomhaíocht choisctheach agus ar phleananna éigeandála na mBallstát, teacht ar chonclúidí maidir le modhanna féideartha chun slándáil an tsoláthair gáis a threisiú ar leibhéal an Aontais agus **tuarascáil** a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 1 Meán Fómhair 2023 maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus más gá, tograí reachtacha chun an Rialachán seo a leasú a chur faoina mbráid.

Le 6 bliana anuas, ó glacadh an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis, tháinig athruithe móra ar leagan amach shlándáil an tsoláthair gáis, go háirithe in 2022 tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin — mar fhreagairt air sin, ghlac an Coimisiún Eorpach **an Plean REPowerEU**[1], arb é is aidhm dó fuinneamh a shábháil, dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus an soláthar fuinnimh a éagsúlú don Aontas chun a spleáchas ar ghás na Rúise a mhaolú go hiomlán a luaithe is féidir.

Mar thoradh air sin, cuireadh soláthairtí ó sholáthraithe malartacha **in ionad allmhairí gáis na Rúise den chuid is mó** i bhfoirm allmhairí píblíne breise ó chomhpháirtithe iontaofa agus, thar aon ní eile, méadú suntasach ar allmhairí GNL (50 bcm, nó méadú 73 % in 2022 bliain ar bhliain). Cé go raibh thart ar 50 % d’allmhairí píblíne an Aontais i gceist leis na hallmhairí ón Rúis roimh an gcogadh, níl i gceist leo anois ach 10 %, rud a léiríonn an t-athrú gan fasach atá tagtha ar chóras gáis an Aontais le bliain anuas.

Mar chuid den Phlean REPowerEU, ghlac an tAontas **an Rialachán athbhreithnithe (AE) 2023/435** freisin, lenar féidir leis na Ballstáit infheistíochtaí bonneagair gáis a mhaoiniú sna caibidlí REPowerEU dá gcuid féin, faoi choinníollacha dochta, arb é is aidhm dóibh éagsúlú ó ghás na Rúise agus freastal ar shlándáil an tsoláthair gáis láithreach.

Mar aon leis an bPlean REPowerEU, ghlac an tAontas sraith Rialachán amhail **Rialachán (AE) 2022/1032 maidir le Stóráil Gáis** lena leagtar síos sprioc líonta stórála 90 %, **Rialachán sealadach (AE) 2022/1369 maidir le Laghdú ar Éileamh** agus a fhadú (Rialachán (AE) 2023/706) lena leagtar síos sprioc 15 % maidir le laghdú ar an éileamh ar ghás agus **Rialachán sealadach (AE) 2022/2576 maidir le Dlúthpháirtíocht**, lenar soláthraíodh, i measc Rialacháin eile, an bunús dlí le ceannach comhpháirteach gáis chomh maith leis na rialacha dlúthpháirtíochta

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2022%3A230%3AFIN&qid=1653033742483

i gcás éigeandála a threisiú. Glacadh na rialacháin sin chun slándáil an tsoláthair gáis a áirithiú, rud a chomhlánaíonn an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis atá ann cheana.

Chun **deireadh a chur le gás na Rúise de réir a chéile**, próiseas a bhfuil an tAontas ina bhun, ní mór béim láidir a chur ar **éagsúlú an tsoláthair** ar bhonn leanúnach. Chiallóidh sé sin go **méadóidh tábhacht GNL** agus mar sin go mbeidh spleáchas níos mó ar an margadh domhanda GNL sna blianta amach romhainn.

Ina theannta sin, san fhadtéarma, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar an éileamh ar ghás ar luasanna éagsúla ar fud na n-earnálacha agus na mBallstát, rud a bhféadfadh **próifíl éilimh athraitheach** san Aontas a bheith mar thoradh air. Go deimhin, in ailtireacht shlándáil an tsoláthair amach anseo, ní mór na hiarrachtaí **dícharbónaithe** leanúnacha le leictriú leanúnach agus an tábhacht atá ag méadú maidir le **bithmheatán** agus **hidrigin** a chur san áireamh agus ní mór tacú leo. Éilítear leis sin straitéis chomhtháite maidir le bonneagar a dhíchoimisiúnú agus a athchóiriú amach anseo chun aistriú ordúil a áirithiú lena ráthófar slándáil an tsoláthair gáis nádúrtha, bithmheatáin agus hidrigine.

Dá bhrí sin, beidh gá le leanúint le hailtireacht slándála soláthair an Aontais a oiriúnú de réir athruithe sna blianta amach romhainn.

Is é is aidhm do ghlacadh na tuarascála seo ceanglais dhlíthiúla Airteagal 17 den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis a chomhlíonadh. Rinneadh oiriúnú beag ar a huainiú chun í a ailíniú leis **an obair leanúnach ar réimsí gaolmhara** – agus é á chur san áireamh go háirithe go bhforáiltear le hAirteagal 30 den Rialachán Dlúthpháirtíochta go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Rialachán Dlúthpháirtíochta a athbhreithniú faoin 1 Deireadh Fómhair 2023[2].

Thairis sin, tá roinnt forálacha a bhaineann le slándáil an tsoláthair á bplé faoi láthair ag na comhreachtóirí faoi chuimsiú an **Phacáiste um an margadh hidrigine agus gáis dhícharbónaithe**[3].

## 2. Measúnú ón gCoimisiún ar Phleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach agus ar Phleananna Éigeandála na mBallstát

Le hAirteagal 17 den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur isteach, bunaithe ar mheasúnuithe an Choimisiúin ar na Pleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach agus ar na Pleananna Éigeandála nuashonraithe.

---

[2] Baineann Caibidil IV den Rialachán Dlúthpháirtíochta le bearta sealadacha is infheidhme i gcás éigeandáil gháis. Comhlánaítear an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis leis.

[3] https://energy.ec.europa.eu/topics/markets-and-consumers/market-legislation/hydrogen-and-decarbonised-gas-market-package_en. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Roinn 3.7.

In 2019, chuir na Ballstáit a bPleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach agus a bPleananna Éigeandála faoi bhráid an Choimisiúin, agus ina dhiaidh sin rinne an Coimisiún measúnú ar na pleananna[4] agus d'eisigh sé sraith tuairimí ina raibh moltaí agus pointí sonracha inar cheart feabhas a chur ar na pleananna. Ba cheart an próiseas céanna a bheith ann in 2023 mar gheall ar nuashonrú rialta 4 bliana ar na pleananna a cheanglaítear le hAirteagal 9(11) agus Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis, ba cheart ceanglas a bheith ar na Ballstáit pleananna nuashonraithe a chur isteach faoi mhí an Mhárta 2023. Mar sin féin, agus an méid seo á scríobh, ní bhfuair an Coimisiún an dá phlean ach ó sheacht mBallstát, agus fuarthas a bhformhór díobh i mí an Mheithimh agus mí Iúil 2023[5]. Dá bhrí sin, beidh measúnú an Choimisiúin bunaithe ar na Pleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach agus ar na Pleananna Éigeandála a cuireadh isteach in 2019, chomh maith leis na ceachtanna a foghlaimíodh le blianta beaga anuas; chomh maith leis sin, ós rud é go raibh na pleananna nuashonraithe ar iarraidh den chuid ba mhó, scaip an Coimisiún ceistneoir chun dul i gcomhairle le comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe Gáis maidir le forálacha an Rialacháin maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis.

Tá míniú níos mionsonraithe ar chomhthéacs agus ar shubstaint na bhforálacha, chomh maith le tuilleadh sonraí ar athbhreithniú an Choimisiúin ar fhorálacha an Rialacháin maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis le fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre SWD(2023)323.

## 3. **<u>Athbhreithniú ar an Rialacháin maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis agus modhanna féideartha chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair gáis agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim gháis</u>**

### *3.1. An Grúpa Comhordaithe Gáis*

Faigheann an Grúpa Comhordaithe Gáis a bhunús dlí ó Airteagal 4 den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis, ina sonraítear go bhfuil an Grúpa Comhordaithe Gáis faoi chathaoirleacht an Choimisiúin agus go bhfuil sé comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, ó ACER, ó ENTSOG agus ó chomhlachtaí a dhéanann ionadaíocht do thionscail agus do thomhaltóirí. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, comhdhéanamh an Ghrúpa a chinneadh, lena áirithiú go bhfuil sé ionadaíoch ina iomláine.

Tionóladh an Grúpa Comhordaithe Gáis 24 huaire in 2022, an líon ba mhó riamh. Go sonrach, phléigh an Grúpa Comhordaithe Gáis na forbairtí is déanaí maidir le slándáil an tsoláthair gáis i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin agus an suaitheadh sa soláthar gáis ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, éascaíodh malairtí maidir le dea-chleachtais maidir le bearta náisiúnta coisctheacha

[4] https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-security/commissions-opinions-preventive-action-plans-and-emergency-plans_en

[5] Seoladh litreacha EU Pilot go luath i mí an Mheithimh 2023 chuig na Ballstáit sin a bhfuil a bPleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach, a bPleananna Éigeandála agus a Measúnuithe Riosca ar iarraidh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ranna 3.4.1 agus 3.5 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

agus éigeandála, chomh maith leis na chéad chéimeanna eile le haghaidh bearta uile-Aontais chun feabhas a chur ar ullmhacht, rud a raibh ról lárnach aige maidir lena chur in iúl don Choimisiún tograí reachtacha nua a dhéanamh.

Thug ionadaithe ón nGrúpa Comhordaithe Gáis le fios ina bhfreagraí ar cheistneoir a scaip an Coimisiún i mí na Bealtaine 2023 gur mór acu feidhmiú an ghrúpa, agus **a fhormáid inoiriúnaithe agus sholúbtha á moladh acu go príomha**.

Ina theannta sin, shín an Coimisiún **cuirí ad hoc chuig tríú tíortha** le haghaidh chruinniú an Ghrúpa Comhordaithe Gáis chun tuairimí a mhalartú maidir le slándáil an tsoláthair gáis. Léirigh roinnt Ballstát tuairim dhearfach gur mian leo leanúint le cuireadh a thabhair níos minice do thíortha is soláthraithe nó do thíortha idirthurais.

### *3.2. An caighdeán bonneagair*

Foráiltear le hAirteagal 5 den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis go n-áiritheoidh na Ballstáit, i gcás cur isteach ar an mbonneagar aonair is mó (N-1), gur féidir freastal ar an éileamh iomlán ar ghás le linn lá ina bhfuil éileamh an-ard ar ghás. Áirítear leis sin oibleagáid acmhainn dhéthreoch fhisiceach bhuan a éascú maidir le hidirnascairí idir na Ballstáit mura dtugtar díolúine.

Thug freagróirí ar an gceistneoir a scaipeadh ar an nGrúpa Comhordaithe Gáis le fios go raibh an caighdeán bonneagair ina dhreasacht mhaith chun acmhainneachtaí leordhóthanacha bonneagair a bheith ann, go háirithe chun **éascaíocht a dhéanamh ar na sreafaí a d'athraigh ón Iarthar go dtí an tOirthear** a tugadh faoi deara in 2022, i ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin. Chuir daoine eile i dtábhacht an gá atá leis an gcur chuige bonneagar-bhunaithe sin a chomhlánú agus béim níos mó á cur ar thaobh an tsoláthair, e.g. trí chaighdeáin chomhlántacha éagsúlaithe a bheith ann. Is féidir forálacha breise a bhreithniú chun leochaileacht amach anseo do sholáthraí aonair a chosc. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí thuilleadh **malartaithe faisnéise** faoi Airteagal 14 nó trí **chaighdeán S-1** breise, agus tairbhí slándála á gcothromú le costais nó neamhéifeachtúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Thug freagróirí ar an gceistneoir le fios, cé go bhféadfadh caighdeáin níos déine cuidiú le feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair, gur cheart go mbeadh sé ina phríomhábhar imní **an riosca go gcruthófaí sócmhainní tréigthe a sheachaint**.

### *3.3. Caighdeán soláthair agus custaiméirí atá faoi chosaint*

Leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis an **caighdeán soláthair,** lena bhforáiltear go gceanglaíonn na Ballstáit ar ghnóthais gháis bearta a dhéanamh chun an soláthar gáis do chustaiméirí atá faoi chosaint a áirithiú faoi shraith imthosca réamhshainithe.

Áirítear teaghlaigh ar chustaiméirí faoi chosaint mar a shainítear faoi Airteagal 2(5) iad. Thairis sin, féadfaidh na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe, (1) FBManna, (2) seirbhísí sóisialta riachtanacha agus (3) téamh ceantair a áireamh. Le linn na géarchéime fuinnimh in 2022, áfach, tháinig méadú ar an tábhacht a bhaineann le ról an laghdaithe dheonaigh ar an éileamh gach

earnála. Dá bhrí sin, leis an Rialachán Dlúthpháirtíochta tugadh isteach an deis do na Ballstáit bearta a dhéanamh lena laghdaítear ídiú neamhriachtanach custaiméirí atá faoi chosaint.

Thug go leor Ballstát le fios nach bhfuil aon dúshláin mhóra acu agus an caighdeán soláthair á chur chun feidhme acu. Maidir le custaiméirí atá faoi chosaint, léirigh roinnt Ballstát go raibh deacrachtaí acu meastachán a dhéanamh ar éileamh na gcustaiméirí atá faoi chosaint. Cheap roinnt freagróirí go raibh sé úsáideach **comhchuibhiú breise a bheith acu ar an sainmhíniú ar chustaiméirí atá faoi chosaint** ar leibhéal an Aontais, cé gur gá sainiúlachtaí náisiúnta a bhreithniú.

Chuir roinnt freagróirí in iúl go measann siad gur cheart **an teorannú ar thomhaltas neamhriachtanach** custaiméirí faoi chosaint (dá bhforáiltear faoi láthair sa Rialachán Dlúthpháirtíochta) a dhéanamh buan, ós rud é go gcuireann sé solúbthacht bhreise ar fáil chun cuspóirí maidir le slándáil an tsoláthair a bhaint amach.

Ós rud é go bhféadfar deireadh a chur leis an éileamh ar ghás teaghlaigh de réir a chéile i roinnt Ballstát níos luaithe ná in earnálacha eile, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá amach anseo le hathbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar chustaiméirí atá faoi chosaint chun oiriúnú do phróifíl éilimh athraitheach, á áirithiú go bhfreastalófar ar riachtanais chónaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le hídiú gáis tomhaltóirí leochaileacha.

### *3.4. Measúnuithe riosca agus grúpaí riosca réigiúnacha*

Chun bheith ullmhaithe le haghaidh rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le slándáil an tsoláthair, bunaítear leis an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis ailtireacht um measúnuithe riosca agus grúpaí riosca réigiúnacha, arna leagan amach in Airteagal 7 den Rialachán agus in Iarscríbhinní I, IV agus V a ghabhann leis.

Tosaíonn an ailtireacht sin le hionsamhlú uile-Aontais ar shuaitheadh soláthair gáis agus an bhonneagair arna dhéanamh ag ENTSOG, agus ina dhiaidh sin déanann na Ballstáit measúnú riosca náisiúnta agus measúnú riosca comhchoiteann i ngrúpaí riosca réigiúnacha tiomnaithe, a chomhfhreagraíonn do na príomhchonairí soláthair.

Rinneadh na chéad mheasúnuithe riosca coiteanna agus náisiúnta in 2018 agus ní mór iad a nuashonrú gach 4 bliana. Mar gheall ar na dúshláin a bhí le sárú le linn na géarchéime fuinnimh in 2022, chuir roinnt Ballstát in iúl **nach raibh acmhainneacht riaracháin** acu chun na grúpaí riosca a stiúradh nó na measúnuithe riosca a dhéanamh in am.

Fós féin, tá na measúnuithe riosca sin agus na Pleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach agus na Pleananna Éigeandála gaolmhara thar a bheith tábhachtach d'ullmhacht riosca an Aontais don gheimhreadh seo chugainn agus do na blianta ina dhiaidh sin.

Ní raibh an Coimisiún ag tabhairt faoi nósanna imeachta um shárú ar dtús mar gheall ar an ngéarchéim eisceachtúil in 2022. Mar gheall ar easpa dul chun cinn agus ar an tábhacht a bhaineann le hullmhú do gheimhreadh 2023-24, áfach, chinn an Coimisiún 26 litir EU Pilot a sheoladh i lár mhí an Mheithimh 2023, lena áirithiú go n-ullmhóidh na Ballstáit na measúnuithe riosca agus na

Pleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach agus na Pleananna Éigeandála comhfhreagracha agus go dtabharfaidh siad fógra ina leith.

Ón taithí ar na measúnuithe riosca agus ar fheidhmiú na ngrúpaí riosca a nuashonrú, chomh maith le haiseolas a fuarthas ó bhaill an Ghrúpa Comhordaithe Gáis, tháinig roinnt ceisteanna chun cinn seachas an easpa acmhainneacht riaracháin sna Ballstáit:

- An cur chuige réigiúnach atá ann faoi láthair maidir leis **na grúpaí riosca, is cosúil nach bhfuil sé oiriúnach don fheidhm a thuilleadh**, i bhfianaise an tírdhreacha gheopholaitiúil athraithe, suntasacht mhéadaithe GNL agus ról laghdaithe roinnt de na conairí soláthair píblíne.
- Molann roinnt freagróirí **cur chuige uile-Aontais**, a bhféadfadh anailísí íogaireachta réigiúnacha a bheith i gceist leis, agus a mbeadh ról treisithe ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin ina leith.

### *3.5. Pleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach agus Pleananna Éigeandála*

Is é is aidhm do na Pleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach tarlú géarchéimeanna a chosc agus tá siad bunaithe ar na measúnuithe riosca náisiúnta agus coiteanna, agus léirítear leis na Pleananna Éigeandála na nósanna imeachta, na freagrachtaí agus na bearta nach mór a dhéanamh le linn géarchéime.

Seachas na gnéithe a leagtar amach i roinn 2, measann an Coimisiún go bhfuil gá le tuilleadh machnaimh a dhéanamh le haghaidh na bpointí seo a leanas nach bhfuil ina gceangal faoi láthair leis an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis:

- An dul chun cinn atá déanta maidir le **deireadh a chur le gás na Rúise de réir a chéile** agus tuairisc agus réamh-mheastachán ar na hiarrachtaí um **éagsúlú** mar chuid den tuairisc ar an gcóras náisiúnta gáis. De rogha air sin, d’fhéadfaí é sin a éascú trí mhalartú treisithe faisnéise bunaithe ar Airteagal 14.

- Meastachán ar an **miondealú athraitheach maidir le hídiú gáis**.
- Seachas ról na táirgeachta intíre (lena n-áirítear bithmheatán), ba cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh maidir lenar cheart **straitéisí náisiúnta hidrigine** a chur san áireamh nó nár cheart. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin, má théann sé i gcion ar shlándáil an tsoláthair gáis nó ar athsholáthar an éilimh ar ghás i gcomhthéacs margadh slán Eorpach hidrigine a fhorbairt.

Cé gur féidir feabhas a chur, go ginearálta, ar na Pleananna Éigeandála a fuarthas ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin, i gcomhréir leis na moltaí i dtuairimí an Choimisiúin, leis an tástáil dlúthpháirtíochta (‘*triail*’ ) a rinne an Coimisiún, na Ballstáit agus ENTSOG go comhpháirteach i mí na Nollag 2022 deimhníodh ról tábhachtach na bPleananna Éigeandála maidir le freagairt thapa agus éifeachtúil ar chás éigeandála a áirithiú. Dheimhnigh na Ballstáit go raibh sé ríthábhachtach don Choimisiún Pleananna Éigeandála a sheiceáil le haghaidh bearta a bhféadfadh tionchair

trasteorann a bheith acu, amhail na bearta sin lena gcuirtear srian ar shreafaí nó ar acmhainneachtaí trasteorann.

Mar a shonraítear tuilleadh sa Doiciméad Inmheánach Oibre tionlacain SWD(2023)323, ba iad seo a leanas na pointí is tábhachtaí a bhí in easnamh ar na Pleananna um Ghníomhaíocht Choisctheach:

(1) mionsonraí maidir leis an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara.
(2) faisnéis maidir leis an gcaighdeán soláthair (a fhorfheidhmiú) agus easpa faisnéise maidir leis an gcaighdeán bonneagair.
(3) faisnéis mhíchruinn maidir le custaiméirí atá faoi chosaint (cosaint leis an dlúthpháirtíocht).
(4) mionsonraí maidir leis na córais gháis réigiúnacha agus náisiúnta.
(5) measúnuithe neamhleora ar thionchar na mbeart coisctheach ar an ngeilleagar, ar an margadh inmheánach, ar thomhaltóirí agus ar an gcomhshaol.

Maidir leis na Pleananna Éigeandála, ar an lámh eile, ba í an phríomhcheist caibidil réigiúnach neamhiomlán lena n-áirítear an easpa socruithe dlúthpháirtíochta, agus easpa cainníochtaithe ar thionchar na mbeart. Measann an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar na pointí a liostaítear, mar a cuireadh i dtábhacht cheana sna tuairimí a eisíodh in 2019.

### *3.6. Freagrachtaí i leibhéil éagsúla géarchéime*

Ceann de phríomhfhorálacha an Rialacháin maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis is ea bunú na leibhéal géarchéime éagsúil náisiúnta agus uile-Aontais le hAirteagal 11, lena sainítear na trí leibhéal géarchéime náisiúnta seo a leanas: (1) luathrabhadh, (2) foláireamh agus (3) éigeandáil.

Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún éigeandáil réigiúnach nó éigeandáil uile-Aontais a dhearbhú, a mbíonn freagracht chomhordúcháin ar an gCoimisiún lena linn. Le Rialachán (AE) 2022/1369 maidir le Laghdú ar Éileamh bunaíodh foláireamh ar leibhéal an Aontais go sealadach freisin.

Le linn na géarchéime fuinnimh in 2022, agus go háirithe le linn an na 'trialach' dlúthpháirtíochta a rinneadh i mí na Nollag 2022, measadh gur cheart leibhéal éigeandála an Aontais a shainiú tuilleadh agus measadh go raibh na critéir maidir le cén uair ba cheart éigeandáil réigiúnach nó cén uair ba cheart éigeandáil uile-Aontais a dhearbhú doiléir. Sholáthair roinnt Ballstát aiseolas tríd an gceistneoir a cuireadh faoi bhráid an Ghrúpa Comhordaithe Gáis go bhféadfadh sé go mbeadh sé úsáideach plean éigeandála de chuid an Aontais a bhunú, go háirithe chun róil agus freagrachtaí chomhlachtaí éagsúla an Aontais agus na n-údarás náisiúnta i gcás éigeandála a shoiléiriú.

Thairis sin, le Rialachán (AE) 2022/1369 maidir le Laghdú ar Éileamh bunaíodh foláireamh ar leibhéal an Aontais mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, lena ngabhfadh na Ballstáit gealltanas orthu féin laghdú éigeantach 15 % a dhéanamh ar an éileamh ar ghás. Ós rud é go rachaidh an Rialachán seo in éag ag deireadh mhí an Mhárta 2024, ba cheart machnamh a dhéanamh an mbeadh **foláireamh an Aontais úsáideach san fhadtéarma**. Chuir an Grúpa Comhordaithe Gáis aiseolas ar fáil trí cheistneoir, rud a thug le fios go mbeifí sásta an sásra sin a

choinneáil, cé go raibh sé sin ag brath ar na bearta a spreagfadh sé. Léirigh roinnt freagróirí go bhféadfadh sé go bhfuil baint ag an spreagadh, chomh maith leis na bearta ina dhiaidh sin, le líonadh stórála. Luaigh cuid eile acu gur cheart go mbeadh na bearta atá ceangailte d'fholáireamh an Aontais, mar a bhí in 2022, ina bpeircintíl den laghdú ar an éileamh, agus an céatadán le cur in oiriúint don ghéarchéim lena mbaineann.

Ina theannta sin, cé go sonraítear in Airteagal 12(5)a den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis nach féidir leis na Ballstáit srian míchuí a chur le sreafaí trasteorann gáis, d'fhéadfadh sé go nglacfadh an nós imeachta a leanfadh as i lár géarchéime suas le seachtain lena thabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, le hAirteagal 25 den Rialachán Dlúthpháirtíochta tugadh isteach **cosaintí breise chun sreafaí trasteorann a áirithiú**, rud a thugann deis don Choimisiún oibleagáid a chur ar an mBallstát atá i gceist a ghníomhaíochtaí a mhodhnú le héifeacht láithreach. Measann formhór na bhfreagróirí ar cheistneoir an Ghrúpa Comhordaithe Gáis go mbeadh cosaintí le haghaidh sreafaí trasteorann úsáideach i ndiaidh dhul in éag Rialachán sealadach (AE) 2022/2576, mar gheall ar thuiscint ar fhorálacha nua Airteagal 25 nó trína mheas gur cheart go mbeadh forálacha Airteagal 12(5) á n-urramú i gcónaí cheana féin.

### *3.7. Dlúthpháirtíocht*

Leagtar síos le hAirteagal 13 den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis ceanglais an tsásra dlúthpháirtíochta, ar sásra rogha deiridh é i gcás dian-éigeandáil gháis ina bhfuil an t-éileamh ó 'chustaiméirí atá faoi chosaint leis an dlúthpháirtíocht' i mbaol agus nach féidir leis an margadh na méideanna is gá a sholáthar a thuilleadh.

Mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(10), ní mór do na Ballstáit teacht ar chomhaontú déthaobhach maidir le comhaontuithe dlúthpháirtíochta faoin 1 Nollaig 2018, lena n-áirítear na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais chun feidhmiú na dlúthpháirtíochta go hiarbhír a áirithiú. Leis na comhaontuithe dlúthpháirtíochta sin, déantar an dlúthpháirtíocht a oibríochtú go hiarbhír, ach ní athraítear an oibleagáid dhlíthiúil mar gheall ar a neamhláithreacht. Chun na comhaontuithe dlúthpháirtíochta déthaobhacha a éascú, d'eisigh an Coimisiún Moladh (AE) 2018/177 inar leag sé amach moladh maidir leis na gnéithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais atá le háireamh sna comhaontuithe dlúthpháirtíochta déthaobhacha.

Agus an méid seo á scríobh, níor síníodh ach 8 gcomhaontú dlúthpháirtíochta as 40 ceann, mar atá na comhaontuithe idir an Ostair agus an Ghearmáin, an Danmhairg agus an Ghearmáin, an Eastóin agus an Laitvia, an Laitvia agus an Liotuáin, an Iodáil agus an tSlóivéin, an Eastóin agus an Fhionlainn, an Danmhairg agus an tSualainn, agus an tSlóivéin agus an Chróit.

Mar a léirigh roinnt Ballstát, is iad na cúiseanna leis an easpa dul chun cinn an chastacht theicniúil, an easpa saineolais arna leithdháileadh ag riaracháin náisiúnta agus na deacrachtaí polaitiúla a bhaineann le teacht ar chomhaontú, go háirithe maidir le cúiteamh airgeadais.

I bhfianaise an dul chun cinn neamhleor, i mí na Bealtaine 2020 sheol an Coimisiún Litir um Fhógra Foirmiúil chuig 25 Bhallstát mar gur theip orthu na forálacha dlúthpháirtíochta a chomhlíonadh. Tá an Coimisiún i mbun cruinnithe le Ballstáit maidir le nósanna imeacht um shárú,

ina bpléitear na sáruithe ar an dlúthpháirtíocht. Ina theannta sin, thairg an Coimisiún tacaíocht chun plé a éascú idir Ballstáit leasmhara chun na deacrachtaí atá ann a shárú.

*Forbairtí reachtacha*

Lena áirithiú go mbeidh na socruithe dlúthpháirtíochta éifeachtach agus oibríochtúil agus chun go ndéanfar an easpa comhaontuithe déthaobhacha a chumhdach leo, mhol an Coimisiún i mí na Nollag 2021 an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis a leasú, tríd an b**Pacáiste um an margadh hidrigine agus gáis dhícharbónaithe**, chun rialacha comhchoiteanna dlúthpháirtíochta is infheidhme in éagmais comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt isteach.

Ós rud é nach raibh an idirbheartaíocht idirinstitiúideach maidir leis an bpacáiste sin gar dá tabhairt i gcrích le linn ghéarchéim 2022, an 19 Nollaig 2022, ghlac Airí an Aontais an **Rialachán éigeandála Dlúthpháirtíochta** lena leagtar síos na rialacha dlúthpháirtíochta réamhshocraithe is infheidhme in éagmais comhaontuithe déthaobhacha lena gcuirtear teorainn leis an gcúiteamh uasta a íocfar as dlúthpháirtíocht. Leis an Rialachán Dlúthpháirtíochta, leathnaíodh an chosaint leis an dlúthpháirtíocht ar bhonn sealadach chuig méideanna criticiúla gáis le haghaidh shlándáil an tsoláthair leictreachais agus leathnaíodh an oibleagáid dlúthpháirtíochta ar bhonn sealadach chuig na Ballstáit ag a bhfuil saoráidí GNL.

Glacadh an Rialachán Dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 122 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), rud a fhágann gur beart éigeandála sealadach é a rachaidh in éag ag deireadh 2023. Mura nglacfar an Pacáiste um an margadh hidrigine agus gáis dhícharbónaithe roimh an dáta sin, fillfidh an cás ina leith sin ar an gceann a bhí ann roimh an ngéarchéim, mar a thugtar tuairisc air thuas.

*Tástáil dlúthpháirtíochta (triail)*

Chun forálacha dlúthpháirtíochta an Rialacháin maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis agus an Rialacháin Dlúthpháirtíochta a thástáil, rinne an Coimisiún 'triail' chomhpháirteach leis na Ballstáit agus le ENTSOG i mí na Nollag 2022.

Sainaithníodh roinnt pointí ina bhfuil gá le hobair leantach:

- D'aontaigh formhór na rannpháirtithe gur féidir solúbthacht bhreise a sholáthar le GNL i gcás géarchéime. Le haghaidh dlúthpháirtíocht GNL, áfach, theastódh sásraí margaidh agus idirghabháil an Údaráis Inniúil, ar choinníoll gur triaileadh na bearta margadhbhunaithe uile, beart ar cheart iad a shoiléiriú tuilleadh.
- Sainaithníodh nach bhfuil aon bhunús dlí ann chun dlúthpháirtíocht a iarraidh trí phíblíne chuig Ballstát comharsanachta nach bhfuil bainteach go díreach.
- I gcás ina bhfuair Ballstát dhá iarraidh ar dhlúthpháirtíocht, measadh nach raibh an nós imeachta soiléir.
- Chuir na rannpháirtithe in iúl gur mian leo go mbeadh tréimhse 24 uair an chloig infheidhme maidir le dlúthpháirtíocht arna soláthar trí phíblínte, agus d'fhéadfadh 72 uair an chloig a bheith ábhartha fós maidir le dlúthpháirtíocht trí GNL.

Is féidir tuilleadh sonraí maidir leis an tástáil dlúthpháirtíochta a fháil in SWD(2023)323.

## 4. Conclúid

**Tá feabhas tagtha ar shlándáil an tsoláthair gáis san Eoraip ó anuraidh** a bhuí leis na bearta breise a chuir an tAontas agus na Ballstáit chun feidhme go rathúil i ngach príomhréimse den bheartas fuinnimh. I bhfianaise na húsáide atá á baint ag an Rúis as fuinneamh mar arm polaitiúil agus eacnamaíoch, **ghníomhaigh an tAontas le chéile, de mheon dlúthpháirtíochta,** chun **spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú** agus, an tráth céanna, leanúint d'**aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide**, agus dlús á chur aige lena iarrachtaí **cur le hathléimneacht bhonneagar criticiúil agus eintitis chriticiúla an Aontais**. Cuireadh dlús mór le **méadú agus leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite** san Eoraip. Tá an tAontas tar éis naisc le comhpháirtithe idirnáisiúnta a threisiú chun **soláthairtí fuinnimh a éagsúlú**, agus rinne sé gníomhaíocht chomhordaithe chun cur lena ullmhacht, *inter alia* le gníomhaíocht maidir le stóráil gáis nó laghdú ar an éileamh.

**Tá rioscaí ann fós**, áfach, maidir le slándáil an tsoláthair gáis chuig an Aontas, amhail, mar shampla, stop iomlán a chur le hallmhairí na Rúise, teagmhais bhonneagair, dálaí aimsire neamhfhabhracha, méadú ar an éileamh ar ghás san Eoraip nó géarú ar sholáthar lastaí GNL.

Ina theannta sin, tá an córas fuinnimh á aistriú **i dtreo an dícharbónaithe** trí chomhtháthú atá ag méadú maidir le gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin chomh maith le leictriú atá ag méadú. Leis an athrú sin ó bhun ar an gcóras fuinnimh, cuirtear feabhas ar shlándáil an tsoláthair gáis trí spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise agus go háirithe ar ghás nádúrtha a laghdú. **Ní mór ailtireacht shlándáil an tsoláthair gáis amach anseo a oiriúnú chun gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhtháthú, lena n-áirítear bithmheatán agus hidrigin, chomh maith le tuilleadh leictrithe agus comhtháthú earnála an chórais fuinnimh.**

Nuair a ghlacfar é ba cheart don chreat nua cur leis an b**Pacáiste um an margadh hidrigine agus gáis dhícharbónaithe** agus tacú leis. Tá forbairt an gháis in-athnuaite agus ísealcharbóin atá ag méadú, lena n-áirítear bithmheatán agus hidrigin, chomh maith le leictriú an chórais fuinnimh atá ag méadú ina ngnéithe fíor-riachtanacha, ar gnéithe iad nach mór a chur san áireamh in aon fhorbairt a dhéanfar amach anseo ar chreat dlíthiúil shlándáil an tsoláthair chun slándáil an tsoláthair gáis a áirithiú agus chun tacú le cuspóirí an Aontais maidir le dícharbónú.

Léirítear sa tuarascáil seo roinnt feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar ailtireacht an Aontais maidir le slándáil an tsoláthair gáis. Go sonrach, mar a leagtar síos in Airteagal 17 den Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis, tá an tuarascáil mar bhonn chun tuilleadh machnaimh a dhéanamh i bhfianaise togra a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh amach anseo chun an Rialachán seo a leasú.